



Curaclam  
Thuaisceart Éireann

# Canaimis!












# Clár










Admhálacha	2
Réamhrá	5
Amhráin na Bonnchéime (Aois 4–6)	7
Intreoir ar Amhráin na Bonnchéime	9

## Bonnchéim (Aois 4–6)







1  Beidh Aonach Amárach	11
2  Báidín Fheidhlimidh	15
3  Nóra Bheag	17
4  An raibh tú ar an Charraig?	21
5  Trasna na dTonnta	23
6  Bog Braon don tSeanduine	25
7  Dilín ó Deamhas	27

Amhráin Eochairchéim 1 (Aois 6–8) agus 2 (Aois 8–11)	29
Intreoir ar Amhráin Eochairchéim 1 agus 2	31

## Eochairchéim 1 (Aois 6–8)

8  Labhair an Teanga Ghaeilge	33
9  An Spailpín Fánach	35
10  Peigín Leitir Móir	37
11  Téir Abhaile Riú	39
12  Buachaill ón Éirne	41
13  A Stór, a Stór, a Ghrá	43
14  Óró, Sé do Bheatha 'Bhaile!	45

## Eochairchéim 2 (Aois 8–11)

15  Tá mo Chleamhnas Déanta	47
16  Mo Chailín Rua	51
17  Dúlaman	53
18  An Mhaighdean Mhara	55
19  Thugamar Féin an Samhradh Linn	57
20  Siún Ní Dhuibhir	59

Áiseanna Úsáideacha	60
---------------------	----



# Admhálacha

Ba mhaith le CCEA buíochas a ghabháil le Fionnuala Ní Mhealláin as an áis seo a fhorbairt. Gabhann CCEA buíochas fosta leis na scoileanna, na múinteoirí agus na daltaí go léir a bhí páirteach i bhforbairt na háise seo. Tá muid iontach buíoch de Choláiste Feirste agus de na scoileanna a bhí páirteach sa tionscadal as na hacmhainní scoile a chur ar fáil don taifeadh.

## Scoileanna



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Bunscoil Mhuire agus Phádraig, Dún Pádraig



Bunscoil Phobal Feirste, Béal Feirste



Gaelscoil Aodha Rua, Dún Geanainn



Gaelscoil Éanna, Gleann Ghormlaithe



Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste





Gaelscoil na gCrann, An Ómaigh



Gaelscoil Neachtain, Dún Geimhin



Scoil an Droichid, Béal Feirste



Scoil na Fuisseoige, Béal Feirste

## Ábhar Ealaíne



Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Gaelscoil na gCrann, An Ómaigh



Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste



Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste



Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



# Réamhrá

*Bíonn dhá insint ar scéal agus dhá leagan déag ar amhrán (seanfhocal).*

Is cinnte go bhfuil saibhreas ar leith ar fáil sna hamhráin thraidisiúnta Ghaeilge. Is minic a bhíonn múinteoirí in amhras faoin dóigh leis na hamhráin seo a theagasc. Uaireanta bíonn múinteoirí neamhchinnte faoi fhonn an amhráin nó fiú faoi fhocail an amhráin.

Is cinnte go gcuireann teagasc na hamhránaíochta le líofacht Ghaeilge an pháiste. Is féidir na scileanna Tuiscint, Éisteacht agus Labhairt a fhorbairt leis an amhránaíocht. Is féidir plé agus comhrá a spreagadh atá bunaithe ar scéalta agus ar eachtraí na n-amhrán. Bíonn deis ann chomh maith stórfhocal na bpáistí a mhéadú trí fhocail shaibhre Ghaeilge a mhíniú agus a chur i gcomhthéacs. Is minic a bhíonn ceacht staire sna hamhráin sa mhéid is go mbaineann cuid mhaith díobh le tréimhse a chuaigh thart in Éirinn. Is cinnte go bhfuil féidearthachtaí ann leis an scríbhneoireacht chruthaitheach a nascadh leis na hamhráin chomh maith. Tá scéal le hinsint i ngach amhrán agus tá scéal le scríobh fúthu.

Tá teagasc na nEalaíon reachtúil sna scoileanna de réir Churaclam Thuaisceart Éireann. Tagann ceol, ealaín agus drámaíocht faoi scáth na nEalaíon: *Cuireann na hEalaíona deis ar dóigh ar fáil teagmháil a dhéanamh le stór focal nua Gaeilge agus le teanga atá sealbhaithe le tamall agus a sealbhaíodh ar na mallaibh a dhaingniú* (Curaclam Thuaisceart Éireann, Na hEalaíona, An Bhonnchéim, Ich 37).

Tá 20 amhrán san iomlán sa phacáiste seo. Níl anseo ach treoir. Is féidir amhrán a roghnú de réir mar a fhóireann sé don rang agus don mhúinteoir. Thiocthadh amhrán amháin, ar a laghad, a roghnú ón phacáiste seo sa téarma don rang nó mar sprioc iomlán scoile. Tá dlúthdhiosca iniata leis an phacáiste seo ar a bhfuil na hamhráin go léir. Nuair a fheiceann tú

an deilbhín seo,  beidh a fhios agat cé

acu fuaimrian ar an dlúthdhiosca atá i gceist. Cuideoidh an dlúthdhiosca le múinteoirí agus le daltaí araon cur lena gcnuasach ceoil agus le fonn an amhráin a chanadh mar is ceart.

Is éacht ar leith é go bhfuil guthanna pháistí na ngaelscoileanna le cluinstitín ar an dlúthdhiosca atá iniata leis an phacáiste seo. Bhí 10 scoil páirteach sa tionscadal. Chuir na múinteoirí agus na daltaí eang sa mhaide mullaigh gan dabht. Chan siad go fonnmhar agus go fuinniúil.


Rinneadh teagmháil le múinteoirí Gaelscoile le treoir agus comhairle a lorg maidir le rogha n-amhrán agus leis an leagan atá acu féin. Ar ndóigh, tá go leor leaganacha difriúla de na hamhráin thraidisiúnta ann. Is amhlaidh an cás leis na hamhráin sa phacáiste seo nó bíonn na hamhráin chéanna le cluinstitín le cóirithe difriúla fosta, ach ní miste sin. Tabharfar faoi deara go bhfuil corr-athrú ann idir an téacs scríofa agus an leagan taifeadta agus tá an tsaoirse sin ag an mhúinteoir an leagan is oiriúnaí dóibh féin a úsáid. Moltar do mhúinteoirí, áfach, cloí a oiread agus is féidir leis an téacs atá ar fáil. Aithnítear go mbíonn réimse cumais le sonrú ó thaobh an cheoil agus ó thaobh na hamhránaíochta de. Is é atá i gceist leis an áis seo múinteoirí agus daltaí a spreagadh le tabhairt faoin amhránaíocht Ghaeilge agus sult a bhaint aisti beag beann ar na hinniúlachtaí tosaigh. Ní bheidh gach páiste ná cór ábalta an caighdeán is airde a bhaint amach ach thig leo sult a bhaint as an iarracht a dhéanann siad. Is léiriú iad na hamhráin seo san áis ar cad é is féidir a bhaint amach sa Ghaelscoil maidir leis an amhránaíocht Ghaeilge. Canadh siad!

Tá liosta d'áiseanna eile a bhaineann leis an amhránaíocht thraidisiúnta, idir dhlúthdhioscaí agus leabhair, luaite sa phacáiste seo. Beidh an méid sin úsáideach ag an mhúinteoir atá ag iarraidh cur leis an chnuasach ceoil sa tseomra ranga. Le blianta beaga anuas tá na coláistí Gaeltachta agus daoine eile ag aistriú popamhrán ó Bhéarla go Gaeilge agus is iontach é sin chomh maith. Ach tá sé tábhachtach nach gcaillfear ár dtraidisiún ársa saibhir san amhránaíocht. Tá áit ann go fóill don amhránaíocht thraidisiúnta Ghaeilge sa tseomra ranga.

Tá na hamhráin san áis seo leagtha amach de réir Eochairchéimeanna (Aoiseanna) ach ní gá cloí go daingean leis sin.

**Canaimis!**





# Amhráin na Bonnchéime (Aois 4 – 6)





# Intreoir ar Amhráin na Bonnchéime

*Nuair a stadann an ceol, stadann an rince (seanfhocal).*

Is iad na rainn agus na dánta bunúsacha a bhíonn á dteagasc don mhórchuid ag múinteoirí ag tús na Bonnchéime. Daingíonn na gníomhaíochtaí, na focail bhunúsacha agus an t-athrá, tuiscint na bpáistí ar an dara teanga seo acu. Chomh maith leis sin, cuireann an amhránaíocht leis an méid seo.

Ní dochar ar bith é ligean do na páistí beaga sa náiscoil éisteacht le dlúthdhiosca an phacáiste seo. Le hathéisteacht, tiocfaidh na focail agus na hamhráin chun cinn. Má mhothaíonn an múinteoir go bhfuil an rang réidh, thioctadh amhrán nó dhó a theagasc do na daltaí náiscoil sa dara agus/nó sa tríú téarma. Bíonn na hamhráin níos suimiúla má chuirtear gníomhaíochtaí leo ag an pointe seo. Tá foclóir measartha bunúsach sna hamhráin *Beidh Aonach Amárach* agus *Báidín Fheidhlimidh* agus moltar iad seo a úsáid mar thúsphointe.

I mBliain 1 agus i mBliain 2, cuidíonn rólghlacadh le sealbhú teanga agus is amhlaidh an cás le foghlaim na n-amhrán. Ba chóir ligean do na páistí éisteacht leis an amhrán atá á fhoghlaim acu roinnt uaireanta ar dtús. Is féidir leis an mhúinteoir focail nua a mhíniú trí phictiúir nó trí íomhánna a úsáid le tacú lena dtuiscint.

Is féidir an ghramadach a dhaingniú fosta leis an amhránaíocht. Mar shampla, i gcás an amhráin *An raibh tú ar an Charraig?* is féidir béim a chur ar fhreagraí a thabhairt leis na briathra *Bhí* agus *Ní raibh*. Tabharfaidh seo deis don mhúinteoir samplaí eile dá leithéid a úsáid ina dhiaidh sin.

Is é an t-athrá agus an fhoghlaim ilchéadfach a thacaíonn le haird na bpáistí san amhránaíocht a chothú agus a mhúscailt. Is féidir ligean do na páistí pictiúir a tharraingt lena dtuiscint ar na hamhráin a léiriú. *Bíonn ról suntasach ag úsáid phleanáilte amhrán le foghlaim a nascadh idir Réimsí Foghlama eile agus i sealbhú agus i ndaingniú na Gaeilge i nGaelscoileanna* (Curaclam Thuaisceart Éireann, Ceol, An Bhonnchéim, lch 42).

# Gaelscoil na bhFál

Bonnchéim (Aois 4 – 6)



Amhrán 1: Beidh Aonach Amárach





1

## Beidh Aonach Amárach

Beidh aonach amárach i gContae an Chláir,  
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir,  
Beidh aonach amárach i gContae an Chláir,  
Cén mhaith dom é, ní bheidh mé ann.

### Curfá:

Is a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?  
Is a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?  
Is a mháithrín, an ligfidh tú chun aonaigh mé?  
A mhuirnín ó, ná héiligh é.

Níl tú a deich nó a haon déag fós,  
Níl tú a deich nó a haon déag fós,  
Níl tú a deich nó a haon déag fós,  
Nuair a bheas tú trí déag beidh tú mór.

### Curfá

B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg,  
B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg,  
B'fhearr liom féin mo ghréasaí bróg,  
Ná oifigeach airm faoi lásaí óir.

### Curfá



# Beidh Aonach Amárach



Aimee O'Neill, Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste



Orfhlaith Ní Shearcaigh, Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste



# Báidín Fheidhlimidh



Piaras Trainor, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Lauren Nic Camhaoil, Gaelscoil na gCrann, An Ómaigh



Róise Morris, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



# Gaelscoil na gCrann

Bonnchéim (Aois 4 – 6)



Amhrán 2: Báidín Fheidhlimidh



2

## Báidín Fheidhlimidh

Báidín Fheidhlimidh d'imigh go Gabhla,  
Báidín Fheidhlimidh 's Feidhlimidh ann.  
Báidín Fheidhlimidh d'imigh go Gabhla,  
Báidín Fheidhlimidh 's Feidhlimidh ann.

### Curfá:

Báidín bídeach, báidín beosach,  
Báidín bóidheach, báidín Fheidhlimidh;  
Báidín díreach, báidín deontach,  
Báidín Fheidhlimidh 's Feidhlimidh ann.

Báidín Fheidhlimidh d'imigh go Toraigh,  
Báidín Fheidhlimidh 's Feidhlimidh ann.  
Báidín Fheidhlimidh d'imigh go Toraigh,  
Báidín Fheidhlimidh 's Feidhlimidh ann.

### Curfá

Báidín Fheidhlimidh briseadh i dToraigh í.  
Báidín Fheidhlimidh 's Feidhlimidh ann.  
Báidín Fheidhlimidh briseadh i dToraigh í.  
Báidín Fheidhlimidh 's Feidhlimidh ann.

### Curfá





# Bunscoil Phobal Feirste

Bonnchéim (Aois 4 – 6)



Amhrán 3: Nóra Bheag





3

## Nóra Bheag

“A Nóra bheag, cá raibh tú ‘réir?”  
‘Sé dúirt mo mhamaí liomsa;  
‘I gcúl a’ tí ag tobar an uisce,  
‘Foghlaim coiscéim damhsa.”

### Curfá:

‘Gus íomba Nóra, Nóra, Nóra,  
‘Gus íomba ‘s tú mo ghrá geal,  
‘Gus íomba Nóra is tú mo stóirín,  
Tá mise dúnta i ngrá leat.

B’aite le Nóra pis agus pónair’  
B’aite le Nóra brandy,  
B’aite le Nóra prátaí rósta,  
Is d’íosfadh Nóra an t-im leo.

### Curfá

Dá mbíodh agam ciste, níl agam ciste,  
Chuirfinn ort gúna álainn;  
Bhéarfainn fuiscí, tae agus brioscaí,  
‘S bheinn a’ gabháil cheoil go lá leat.

### Curfá

“A Nóra bheag cá raibh tú aréir?”  
“Bhí mé i gcúl a’ gharraí.”  
“Cé bhí agat féin ansin?”  
“An píobaire beag ‘s a mhálaí!”



### Curfá



# Nóra Bheag



Orlaith McQuaid, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Brogán Beck, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



Ciara Walker, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste

# An raibh tú ar an Charraig?



Jessica Cush, Gaelscoil na bhFál, Béal Feirste



# Gaelscoil na bhFál

Bonnchéim (Aois 4 – 6)



Amhrán 4: An raibh tú ar an Charraig?



4

## An raibh tú ar an Charraig?

An raibh tú ar an Charraig nó an bhfaca tú féin mo ghrá?  
Nó an bhfaca tú gile agus finne agus scéimh na mná?  
Nó an bhfaca tú an t-úll ba chumhra is ba mhilse bláth?  
Nó an bhfaca tú mo vailintín?  
Nó an bhfuil sí á cloí mar atáim?

Ó bhí mé ar an Charraig is chonaic mé féin do ghrá;  
Is chonaic mé gile agus finne agus scéimh na mná;  
Ó chonaic mé an t-úll ba chumhra is ba mhilse bláth;  
Is chonaic mé do vailintín,  
Is níl sí á cloí mar atáim.



# Gaelscoil Aodha Rua

Bonnchéim (Aois 4 – 6)



Amhrán 5: Trasna na dTonnta



5

## Trasna na dTonnta

### Curfá:

Trasna na dTonnta, dul siar, dul siar,  
Slán leis an uaigneas is slán leis an gcian,  
Geal é mo chroí agus geal í an ghrian,  
Geal bheith ag filleadh go hÉirinn.

Chonaic mo dhóthain de thíortha i gcéin,  
Ór agus airgead, saibhreas an tsaoil.  
Éiríonn an croí 'nam le breacadh gach lae,  
'S mé ag druidim le dúthaigh mo mhuintir'.

### Curfá

Muintir an iarthair, 'siad cairde mo chroí,  
Fáilte 'gus féile bheith romham ar gach taobh.  
Ar fhágáil an tsaoil seo, 'sé a ghuím ar an Rí  
Gur leosan a shínfear i gcill mé.

### Curfá





# Gaelscoil Aodha Rua

Bonnchéim (Aois 4 – 6)



Amhrán 6: Bog Braon don tSeandúine



6

## Bog Braon don tSeanduine

### Curfá:

Bog braon, bog braon, bog braon don tseanduine,  
bog braon is blais féin is bog braon don tseanduine.

Cuir a chodladh, cuir a chodladh, cuir a chodladh an  
seanduine,  
cuir a chodladh is nigh a chosa is bog braon don tseanduine.

### Curfá

Ubh circe, ubh circe, ubh circe don tseanduine,  
ubh circe is blúirín ime is a thabhairt don tseanduine.

### Curfá

Feoil úr, feoil úr, feoil úr don tseanduine,  
feoil úr is braon sú is a thabhairt don tseanduine.

### Curfá



# Gaelscoil Neachtain

Bonnchéim (Aois 4 – 6)



Amhrán 7: Dilín ó Deamhas





7

## Dilín ó Deamhas

### Curfá:

Dilín ó deamhas, ó deamhas,  
Dilín ó deamhas ó dí;  
Dilín ó deamhas, ó deamhas, ó deamhas,  
ó, Dilín ó deamhas ó dí.

Cuirfead mo rún chun suain,  
Cuirfead mo rún 'na luí;  
Cuirfead mo rún chun suain go ciúin,  
Le dilín ó deamhas ó dí.

### Curfá

Is buachaill maith súiste, súist',  
Is buachaill maith súist' é Páid;  
Is buachaill maith súiste, súiste, súist',  
Is cailín deas tuirn' í Cáit.

### Curfá

Is buachaill aniar, aniar,  
Is buachaill aniar an fear;  
Is buachaill aniar, aniar, aniar,  
'S is cailín ón sliabh a bhean.

### Curfá

Caithimis suas is suas é,  
Caithimis suas an páiste;  
Caithimis suas is suas is suas é,  
'S tiocfaidh sé 'nuas amárach.

### Curfá







**Amhráin**  
**Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)**  
**agus 2 (Aois 8 – 11)**





# Intreoir ar Amhráin

## Eochairchéim 1 agus 2

*Ba chóir daltaí a chumasú le héagsúlacht d'amhráin agus de rainn shimplí a cheol, mar shampla, amhráin thraidisiúnta Ghaelacha agus amhráin chomhaimseartha agus amhráin ó thíortha agus ó chultúir eile (Curaclam Thuaisceart Éireann, Ceol, Eochairchéim 2, lch 114).*

Mar an gcéanna leis an Bhonnchéim, is áis chumhachtach í an amhránaíocht sa tseomra ranga i nGaelscoil. Tá go leor saibhris ag baint léi agus is bealach iontach é leis an Ghaeilge labhartha a fhorbairt agus a neartú. Mura ndéantar ach amhrán traidisiúnta Gaeilge amháin sa téarma fiú, tá frásaí iontacha agus teanga luachmhar le teagasc agus le nascadh leis an phleanáil.

Tá dóigheanna ann le teagasc amhráin a nascadh le hábhair eile. Cuir i gcás Tuiscint, Éisteacht agus Labhairt sa réimse foghlama Teanga agus Litearthacht; is féidir comhrá agus plé a dhéanamh bunaithe ar imeachtaí agus ar scéal an amhráin atá roghnaithe. Thiocthadh labhairt faoi na frásaí nua atá san amhrán agus iad a chur i gcomhthéacs trí shár-abairtí a rá.

Maidir leis an Drámaíocht, is cinnte gur féidir leithéidí rólghlacadh agus straitéisí drámaíochta eile a úsáid le heachtraí an amhráin a chur in iúl. Thiocthadh amhráin éagsúla a úsáid i léiriú scoile nó d'fhéile bhliantúil scoildrámaíochta.

San Ealaín thiocthadh pictiúir agus íomhánna a tharraingt leis an amhrán a léiriú agus iad a chur in airde mar thaispeántas le focail an amhráin.

San obair scríofa a thagann faoi scáth na Litearthachta, tá go leor deiseanna ann ceachtanna a bhunú ar amhrán. Mar shampla, clárscéal, cur síos ar charachtar nó litir a scríobh chuig charachtar faoi eachtraí a tharla san amhrán.

Maidir leis an Léitheoireacht, cuideoidh an léitheoireacht chomhpháirteach go mór le foghlaim amhráin óir is féidir leis an mhúinteoir an t-amhrán a bhriseadh síos de réir véarsaí agus curfá le deis a thabhairt don rang frásaí agus focail nó foclóir nua a fhoghlaim.

Is é an bealach is fearr leis na hamhráin a fhoghlaim ná a bheith ag éisteacht le hamhráin ar dhlúthdhioscaí agus na focail a léamh fosta. Ba dheas é an amhránaíocht a chur ar chlár ama an ranga, fiú ceacht amháin sa tseachtain a mhairfeadh leathuair an chloig, sin nó cúpla ceacht a mhairfeadh cúig bhomaite dhéag.

Is bealach eile é le tuismitheoirí a mhealladh isteach chuig an scoil má bhíonn tionól amhránaíochta ann uair sa téarma nó fiú uair amháin sa bhliain. Tugann seo sprioc do mhúinteoirí agus do dhaltaí na hamhráin a fhoghlaim agus a chur i láthair do lucht éisteachta. Is cinnte go neartóidh seo traidisiún na hamhránaíochta agus, ina theannta sin, caighdeán na Gaeilge labhartha.

*Ó labhair an teanga Ghaeilge liom,  
A chuid mo chroí is a stór,*

*An teanga a labhair mo mháthair liom,  
In Éirinn ghlas fadó.*

*'Sí teanga bhinn ár sinsear í,  
An chaint is milse glór.*

*(Labhair an Teanga Ghaeilge)*

# Gaelscoil na gCrann

Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)



Amhrán 8: Labhair an Teanga Ghaeilge





8

## Labhair an Teanga Ghaeilge

Ó labhair an teanga Ghaeilge liom,  
A chuid mo chroí is a stór,

An teanga a labhair mo mháthair liom,  
In Éirinn ghlas fadó.

'Sí teanga bhinn ár sinsear í,  
An chaint is milse glór.

Ó labhair an teanga Ghaeilge liom,  
Is bain dem chroí an brón.

Ó labhair an teanga Ghaeilge liom,  
'Sí teanga cheart na nGael.

An teanga bhinn is ársa 'tá,  
Le fáil ar fud an tsaoil.

A stór mo chroí is beannacht ort,  
A chailín óig gan cháim.

Cá bhfuil sa saol aon teanga mar  
Ár dteanga féin le fáil?



# Scoil an Droichid

Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)



Amhrán 9: An Spailpín Fánach



## An Spailpín Fánach

Seo an Spailpín fánach ón sliabh anuas  
 Le coiscéim éadrom lúfar,  
 Ag ceiliúr 's ag ceol agus draíocht ina ghlór,  
 Agus mheall sé an ógbhean uasal.  
 A dí dú, a, dí dú da dé,  
 A dí dú, a, dí dé dí.  
 Ag ceiliúr 's ag ceol agus draíocht ina ghlór,  
 Agus mheall sé an ógbhean uasal.

Ghluais a hathair sa tóir 'na ndiaidh  
 Trasna sléibhte is bánta,  
 Ag iarraidh tuairisc' fána níon  
 Is an Spailpín béalbhinn fánach.  
 A dí dú, a, dí dú da dé,  
 A dí dú, a, dí dé dí.  
 Ag iarraidh tuairisc' fána níon  
 Is an Spailpín béalbhinn fánach.

Tháinig sé ar ball go dtí caisleán mór.  
 B'ann a fuair sé an lánúin;  
 Is bhí togha gach bia agus rogha gach dí  
 Ag an níon 's ag an Spailpín fánach.  
 A dí dú, a, dí dú da dé,  
 A dí dú, a, dí dé dí.  
 Is bhí togha gach bia agus rogha gach dí  
 Ag an níon 's ag an Spailpín fánach.

"Ní spailpín é, a athair," ar sí,  
 "Ach tiarna óg na háite;  
 Go dté mé i gcré ní scarfaidh mé  
 Leis an Spailpín béalbhinn fánach."  
 A dí dú, a, dí dú da dé,  
 A dí dú, a, dí dé dí.  
 "Go dté mé i gcré ní scarfaidh mé  
 Leis an Spailpín béalbhinn fánach."



*Proinsias Ó Maonaigh*





# Gaelscoil Éanna

Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)



Amhrán 10: Peigín Leitir Móir



10

## Peigín Leitir Móir

### Curfá:

Ó gairim gairim í,  
Agus gairim í, mo stór;  
Míle grá le m'anam í  
'Sí Peigín Leitir Móir!

Éirigh suas, a Pheigín,  
Agus seas ar bharr an aird,  
Comhair do chuid bullán  
Agus féach an bhfuil siad ann.

### Curfá

Tá Bríd agam 's tá Cáit agam,  
'Sí Peig an bhean is fearr;  
Pé'r bith fear a gheobhas í,  
Nach air a bheas an t-ádh.

### Curfá

Chuir mé scéala siar chuici  
Go gceannóinn di bád mór;  
'Sé 'n scéala 'chuir sí aniar chugam  
go ndéanfadh leathbhád seoil.

### Curfá

Tá iascairí na Gaillimhe  
Ag teacht anoir le cóir,  
Le solas gealaí gile  
Nó go bhfeicfidís an tseoid.

### Curfá deiridh:

'S ó, gairim, gairim í,  
'Gus gairim í mo stór;  
Míle grá le m'anam í  
Is gearr go mbeidh sí mór!



# Scoil na Fuiseoige

Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)



Amhrán 11: Téir Abhaile Riú





11

## Téir Abhaile Riú

*Tá an leagan seo bunaithe ar leagan Clannad 1977.*

### Curfá:

Téir abhaile riú  
Téir abhaile riú  
Téir abhaile riú, a Mhary  
Téir abhaile riú 's fan sa bhaile  
Mar tá do mhargadh déanta.

Is cuma cé dhein é nó nár dhein  
Is cuma cé dhein é, a Mhary  
Is cuma cé dhein é nó nár dhein  
Mar tá do mhargadh déanta.

### Curfá

Is cuma cé dhein é nó nár dhein  
Is cuma cé dhein é, a Mhary  
Is cuma cé dhein é nó nár dhein  
mar tá do mhargadh déanta.


### Curfá

Pós an píobaire  
Pós an píobaire  
Pós an píobaire, a Mhary  
Pós an píobaire i dtús na hoíche  
Is beidh sé agat ar maidin.

### Curfá

Tá do mhargadh  
Níl mo mhargadh  
Tá do mhargadh déanta  
Níl mo mhargadh  
Tá do mhargadh  
Níl mo mhargadh déanta (x2)

### Curfá





# Gaelscoil Neachtain

Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)



Amhrán 12: Buachaill ón Éirne



## Buachaill ón Éirne

Buachaill ón Éirne mé  
 's bhréagfainn féin cailín deas óg;  
 Ní iarrfainn bó spré léithe  
 tá mé féin saibhir go leor,  
 'S liom Corcaigh 'a mhéid é,  
 dhá thaobh a' ghleanna 's Tír Eoghain;  
 'S mura n-atraí mé béasaí  
 's mé n' t-oidhr' ar Chontae Mhaigh Eo.

Rachaidh mé 'márach  
 a dhéanamh leanna fán choill,  
 Gan coite gan bád  
 gan gráinnín brach' ar bith liom,  
 Ach duilliúr na gcrabhbh  
 mar éideadh leapa os mo chionn  
 'S óró sheacht mh'anam déag thú  
 's tú 'féachaint orm anall.

Buachailleacht bó, mo leo,  
 nár chleacht mise ariamh,  
 Ach ag imirt 's ag 'ól  
 's le hógmhná deasa fá shliabh.  
 Má chaill mé mo stór  
 ní dóigh liom gur chaill mé mo chiall,  
 A's ní mó liom do phóg  
 ná'n bhróg atá'r caitheamh le bliain.

A chuisle 's a stór  
 ná pós an seandúine liath,  
 Ach pós a' fear óg, mo leo,  
 mur' maire sé ach bliain.  
 Nó beidh tú go fóill  
 gan ó nó mac os do chionn,  
 A shílfeadh a'n deor  
 tráthnóna nó'r maidin go trom.





# Bunscoil Mhuire agus Phádraig

Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)



Amhrán 13: A Stór, a Stór, a Ghrá



## A Stór, a Stór, a Ghrá

### Curfá:

A stór, a stór, a ghrá,  
a stór, a stór, an dtiocfaidh tú?  
A stór, a stór, a ghrá,  
an dtiocfaidh tú nó an bhfanfaidh tú?

Bhí mise lá breá samhraidh  
'mo sheasamh ar an mhargadh,  
'S iomaí fear a dúirt liom:  
"Monuar gan tú sa bhaile agam."

### Curfá

Thart tóin a' gharraí, a Mháire  
'bhfuil an fhidil leat?  
Aicearra na bprátaí go dtéimid  
'sair an fhidileoir.

### Curfá

Bhí mise lá den tsaol  
is bhí cion amuigh 's istigh orm,  
Nach mór a d'athraigh an saol  
is gan cion ag duine ar bith orm.

### Curfá

Gheall mo ghrá domsa  
cinnte go dtiocfadh sé,  
Ní raibh a chulaith déanta  
'gus sin an rud a choinnigh é.



### Curfá





# Gaelscoil Éanna

Eochairchéim 1 (Aois 6 – 8)



Amhrán 14: Oró, Sé Do Bheatha ‘Bhaile!



## Óró, Sé Do Bheatha 'Bhaile!

### Curfá:

Óró! sé do bheatha 'bhaile!

Óró! sé do bheatha 'bhaile!

Óró! sé do bheatha 'bhaile!

Anois ar theacht an tsamhraidh.

Sé do bheatha! a bhean ba léanmhar!

B'é ár gcreach tú bheith i ngéibheann,

Do dhúiche bhreá i seilbh meirleach,

'S tú díolta leis na Gallaibh.

### Curfá

Tá Gráinne Mhaol ag teacht thar sáile.

Óglaigh armtha léi mar gharda;

Gaeil iad féin 's ní Gaill ná Spáinnigh,

'S cuirfid ruaig ar Ghallaibh.

### Curfá

A bhuí le Rí na bhfeart go bhfeicim,


Muna mbeam beo 'na dhiaidh ach seachtain,

Gráinne Mhaol agus míle gaiscíoch

Ag fógairt fáin ar Ghallaibh.

### Curfá

*Pádraig Mac Piarais*



# Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Eochairchéim 2 (Aois 8–11)



Amhrán 15: Tá mo Chleamhnas Déanta





15

## Tá mo Chleamhnas Déanta

Tá mo chleamhnas déanta ó arú aréir,  
Is ní mó ná go dtainíonn an bhean údaí liom féin;  
Ach fágfaidh mé 'mo dhiaidh í is rachaidh mé liom féin,  
Amach fud na gcoillte craobhach.

Ó shiúil mise thoir agus shiúil mise thiar,  
Shiúil mise Corcaigh agus sráideanna Bhaile 'Cliath;  
Macasamhail mo chailín deas, ní fhaca mise riamh,  
Sí an bhean dubh í a d'fhág mo chroí cráite.

Is fada 'tá mo tharraingt ins a' bhaile seo le bliain,  
'Gus ní mar gheall ar Mhuire agus ní mar gheall ar Dhia,  
Ach a' dúil go bhfaighinn í bláth na n-úll,  
Sí an bhean dubh í 'dtug mo chroí grá di.

Ó d'éirigh mé ar maidin dhá uair roimh an lá,  
Agus fuair mise litir ó mo mhíle grá;  
Chuala mé an smólach 's a' lon dubh á rá,  
Gur éalaigh mo ghrá thar sáile.





# Peigín Leitir Móir



Tiernán Sloan, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste

# Tá mo Chleamhnas Déanta



Caitlyn Ross, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Béal Feirste



# Bunscoil Phobal Feirste

Eochairchéim 2 (Aois 8–11)



Amhrán 16: Mo Chailín Rua



## Mo Chailín Rua

Dá mbeinnse i mbliana mar bhí mé anuraidh,  
Toigh beag 'bheith agam i gcois an chuain,  
Chuirfinn mo bhád amach ar a' tSionainn  
Agus bhéarfainn abhaile liom mo chailín rua.

### Curfá:


Thug mé liom í ó bhaile go baile,  
Fríd Bhaile 'Cliath 'un na geafthaí crua,  
Chan fhuil aon mhíle ó d'fhág mé an baile,  
Nach dtug mé deoch leanna do mo chailín rua.

Bhí ceann gruaige léi síos go talamh,  
'Gus barra na finne go dtug sí léi,  
Ba mhéanar don fhear óg a gheobhadh í le mealladh,  
Rogha na gcailíní mo chailín rua.

### Curfá

Dá mbeinn chomh saibhir is a bhí mé anuraidh,  
Thógfainn toigh mór ar an chnoc údaí thall,  
Fíon agus ór 'siad a bhéarfainn do mo stór,  
Is bheinn a' gabháil ceoil le mo chailín rua.

### Curfá





# Scoil na Fuiseoige

Eochairchéim 2 (Aois 8–11)



Amhrán 17: Dúlamán



## Dúlamán

### Curfá:

Dúlamán na binne buí,  
Dúlamán Gaelach  
Dúlamán na farraige,  
B'fhearr a bhí in Éirinn

A níon mhín ó,  
Sin anall na fir shuirí  
A mháithrín mhín ó,  
Cuir na roithleán go dtí mé

### Curfá

Tá ceann buí óir  
Ar an dúlamán gaelach  
Tá dhá chluais mhaol  
Ar an dúlamán maorach

### Curfá

Rachaimid 'un an lúr  
Leis an dúlamán gaelach  
Ceannóimid bróga daora  
Ar an dúlamán maorach

### Curfá

Bróga breaca dubha  
Ar an dúlamán gaelach  
Tá bairéad agus triús  
Ar an dúlamán maorach

### Curfá

Ó chuir mé scéala chuici  
Go gceannóinn cíor dí  
'Sé an scéal a chuir sí  
chugam  
Go raibh a ceann cíortha

### Curfá

Cad é a thug 'na tíre thú?  
Arsa an dúlamán gaelach  
Ag suirí le do níon  
Arsa an dúlamán maorach

### Curfá

Cha bhfaigheann tú mo  
níon,  
Arsa an dúlamán gaelach  
Bhuel, fuadóidh mé liom í,  
Arsa an dúlamán maorach

### Curfá





# Gaelscoil Neachtain

Eochairchéim 2 (Aois 8–11)



Amhrán 18: An Mhaighdean Mhara



## An Mhaighdean Mhara

Is cosúil gur mheath tú nó gur thréig tú an greann;  
Tá an sneachta go frasach fá bhéal na trá,  
Do chúl buí daite is do bhéilín sámh,  
Siúd chugaibh Mary Chinidh is í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh.

“A mháithrín mhilis,” dúirt Máire bhán,  
Fá bhruach an chladaigh is fá bhéal na trá,  
“Maighdean mhara mo mháithrín ard,”  
Siúd chugaibh Mary Chinidh is í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh.

Tá mise tuirseach agus beidh go lá,  
Mo Mháire bhruinneall is mo Phádraig bán,  
Ar bharr na dtonnta is fá bhéal na trá,  
Siúd chugaibh Mary Chinidh is í 'ndiaidh an Éirne 'shnámh.





# Bunscoil Mhuire agus Phádraig

Eochairchéim 2 (Aois 8–11)



Amhrán 19: Thugamar Féin an Samhradh Linn



## Thugamar Féin an Samhradh Linn

Bábóg na Bealtaine, maighdean an tSamhraidh,  
Suas gach cnoc is síos gach gleann,  
Cailíní maiseacha bángheala gléasta,  
Thugamar féin an samhradh linn.

### Curfá:

Samhradh, samhradh, bainne na ngamhna,  
Thugamar féin an samhradh linn.  
Thugamar linn é is cé bhainfeas dinn é,  
Thugamar féin an samhradh linn.

### Curfá

Seo é an samhradh a thiocfaidh go haerach,  
Thugamar féin an samhradh linn.  
Samhradh buí ó luí na gréine,  
Thugamar féin an samhradh linn.

### Curfá

Samhradh, samhradh, bainne na ngamhna,  
Thugamar féin an samhradh linn.  
Samhradh buí na nóiníní gléigeal,  
Thugamar féin an samhradh linn.

### Curfá

Cuileann is coll is trom is caorthann,  
Thugamar féin an samhradh linn.  
Is fuinseog ghléigeal Bhéal an Átha,  
Thugamar féin an samhradh linn.

### Curfá

Cailíní óga, mómhar sciamhach,  
Thugamar féin an samhradh linn.  
Buachaillí glíce, teann is lúfar,  
Thugamar féin an samhradh linn.

### Curfá



# Scoil an Droichid

Eochairchéim 2 (Aois 8–11)



Amhrán 20: Siún Ní Dhuibhir





## Siún Ní Dhuibhir


D'éirigh mé ar maidin a tharraingt chun aonaigh mhóir,  
A dhíol is a cheannacht mar a dhéanadh mo dhaoine romham;  
Bhuail tart ar an bhealach mé is shuigh mise síos a dh'ól  
Is le Siún Ní Dhuibhir gur ól mise luach na mbróg.

A Shiún Ní Dhuibhir an miste leat mé bheith tinn?  
Mo bhrón is mo mhilleadh más miste liom tú bheith i gcill;  
Bróinte 's muilte bheith 'scileadh ar chúl do chinn,  
Ach cead a bheith in loras go dtara síol Éabh' chun cinn.

A Shiún Ní Dhuibhir is tú bun agus barr mo scéil;  
Ar mhná na cruinne go dtug sise an báire léi  
Le gile le finne le maise is le dhá thrian scéimh  
Is nach mise an trua Mhuire bheith ag scaradh amárach léi.

Thiar in lorras tá searc agus grá mo chléibh,  
Planda an linbh a d'eitigh mo phósadh inné;  
Beir scéala uaim chuici má thug mise póg dá béal,  
Go dtabharfainn di tuilleadh dá gcuirfeadh sí bólacht léi.

Beir scéala uaim chuige go dearfa nach bpósaim é,  
ó chuala mise gur chuir sé le bólacht mé;  
Nuair nach bhfuil agamsa maoin nó mórán spré,  
Bíodh a rogha bean aige is beidh mise ar mo chomhairle féin.





# Áiseanna Úsáideacha

Tá borradh mór tagtha ar dhlúthdhioscaí agus ar leabhair atá lán d'amhráin thraidisiúnta Ghaeilge. Seo cuid acu a bheadh úsáideach sa tseomra ranga.



## Leabhair

### **Dathaigh an Dáinín**

Gabriel Rosenstock,  
Cló Iar-Chonnacht, 1987

### **Ceol Abú, Rang 1**

Regina Murphy agus Magne Espeland,  
Carroll Education Limited, 2008

### **Leathanaigh Ceoil agus Rithime Trí Rainn agus Scéalta**

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge, 2004

### **Dosaen Amhrán do Leanaí**

Micheál Ó Baoill, An Gúm, 2012

### **Sonas is Só**

Treasa Ní Ailpín, An Gúm, 2002

### **Mo Cheol Thú! Dánta, Amhráin agus Damhsaí**

Brian de Bhaldráithe, Dominic Ó Braonáin,  
Síle Ní Dhoibhlin, Máire Ní Ghormáin,  
Educational Company of Ireland, 2004

### **Stór Amhrán – A Wealth of Songs from the Irish Tradition**

Nóirín Ní Riain, Mercier Press, 1988

### **Abair Amhrán**

Comhaltas Uladh, 1962

### **Croch Suas É!**

Micheál Ó Conghaile,  
Cló Iar-Chonnacht, 1986

### **Cuisle an Cheoil**

An Roinn Oideachais, 1976



## Dlúthdhioscaí

### **A Stór is a Stóirín**

Pádraigín Ní Uallacháin agus Garry Ó Briain,  
Gael Linn, 1994

### **Ící Píicí**

Nellie Nic Giolla Bhríde, Eoghan Mac Giolla  
Bhríde, Doimnic Mac Giolla Bhríde, Dara Mc Gee,  
Éabhlóid, 2010

### **An tAmhránaí Óg**

Treasa Ní Cheannaigh agus Aidan O'Hara,  
Cló Iar-Chonnacht

### **Báidín Fheidhlimidh: Amhráin agus Dánta Traidisiúnta do Pháistí**

Eoghan Mac Giolla Bhríde, Doimnic  
Mac Giolla Bhríde, Dara Mc Gee, Deirdre  
Brennan, Sinéad Ní Chadhain, Ionad  
Oideachais Ghort an Choirce agus Éabhlóid,  
2012

### **Irish Songs we Learned at School**

John Spillane, EMI Ireland, 2008

### **More Irish Songs we Learned at School**

John Spillane, EMI Ireland, 2009

### **Peigín Leitir Móir**

Tadhg Mac Dhonnagáin, Futa Fata, 2008

### **Idir Muir agus Sliabh**

Pobalscoil Ghaoth Dobhair, 2008



Foilseachán de chuid CCEA © 2016

**COUNCIL FOR THE CURRICULUM, EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234

Email: [info@ccea.org.uk](mailto:info@ccea.org.uk) Web: [www.ccea.org.uk](http://www.ccea.org.uk)

